2024/887

25.3.2024

RIALACHÁN (AE) 2024/887 ÓN gCOIMISIÚN

an 22 Márta 2024

lena leasaítear Iarscríbhinní IV, VIII agus IX a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 999/2001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le beathú ainmhithe, cur ar an margadh agus allmhairiú isteach san Aontas

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (CE) Uimh. 999/2001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 22 Bealtaine 2001 lena leagtar síos rialacha maidir le heinceifileapaití spúinseacha in-tarchurtha áirithe a chosc, a rialú agus a dhíothú ([1]), agus go háirithe Airteagal 23a, an chuid réamhráiteach agus pointí (m),de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Leagtar síos le Rialachán (CE) Uimh. 999/2001 rialacha chun einceifileapaití spúinseacha in-tarchurtha (TSEnna) áirithe a chosc, a rialú agus a dhíothú in ainmhithe. Tá feidhm aige maidir le hainmhithe beo agus táirgí de bhunadh ainmhíoch a tháirgeadh agus a chur ar an margadh agus i gcásanna sonracha áirithe lena n-onnmhairiú.

(2) Le Rialachán (CE) Uimh. 999/2001, Airteagal 7, leagtar síos toirmisc a bhaineann le beathú ainmhithe, rud a leagtar amach rialacha sonracha ina leith in Iarscríbhinn IV a ghabhann leis an Rialachán sin. Le Rialachán (AE) 2021/1372 ón gCoimisiún ([2]), leasaíodh Iarscríbhinn IV a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 999/2001 chun údarú a thabhairt i dtaobh úsáid a bhaint as próitéin ainmhíoch phróiseáilte a dhíorthaítear ó fheithidí, éanlaith chlóis agus muc-ainmhithe, agus as beatha chumaisc ina bhfuil próitéin ainmhíoch phróiseáilte den sórt sin lena tabhairt do mhuc-ainmhithe agus éanlaith chlóis chun iad a bheathú. Mar sin féin, is cosúil gur cuireadh (d), (e) agus (f) de dhearmad le hIarscríbhinn IV, Caibidil III, Roinn B, pointe 1, a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 999/2001. Ba cheart Pointe a bheith 1 tiomnaithe fós do na coinníollacha maidir le táirgeadh beatha cumaisc ina bhfuil ábhair bheatha a cheadaítear chun aon ainmhí neamh-athchogantach feirmshaothraithe a bheathú, ós rud é go leagtar amach sna Ranna iomchuí de Chaibidil IV den Iarscríbhinn sin na coinníollacha sonracha maidir le hábhair bheatha eile a úsáid. Toradh eile air sin nach raibh beartaithe freisin, rinne na Ballstáit roinnt oibleagáidí um liostú a leagtar amach i gCaibidil V a dhúbailt. Dá bhrí sin, ba cheart ceartúcháin iomchuí éagsúla ar Iarscríbhinn IV a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 999/2001 a dhéanamh i Roinn B de Chaibidil III, i Roinn H de Chaibidil IV, agus i Roinn A de Chaibidil V den Iarscríbhinn sin. Dá bhrí sin, ba cheart Iarscríbhinn IV a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 999/2001 a cheartú dá réir.

(3) Ina theannta sin, le Rialachán (CE) Uimh. 1069/2009 ([3]), arna leasú le Rialachán Tarmligthe (AE) 2023/1605 ([4]) ón gCoimisiún, tugadh isteach ceanglais shonracha maidir le rialuithe oifigiúla in ionaid phróiseála leasacháin chun críochphointí a chinneadh le haghaidh leasacháin agus feabhsaitheoirí ithreach áirithe, agus ina dhiaidh sin is féidir na táirgí sin a chur ar an margadh gan tuilleadh rialuithe sláinte ainmhithe. Ba cheart é sin a léiriú sna coinníollacha a bhaineann le honnmhairiú leasachán orgánach agus feabhsaitheoirí ithreach ina bhfuil próitéin ainmhíoch phróiseáilte athchogantaigh, coinníollacha a leagtar amach in Iarscríbhinn IV a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 999/2001. Dá bhrí sin, ba cheart Caibidil V, Roinn E, den Iarscríbhinn sin a leasú dá réir.

([1]) IO L 147, 31.5.2001, lch. 1.

([2]) Rialachán (AE) 2021/1372 ón gCoimisiún an 17 Lúnasa 2021 lena leasaítear Iarscríbhinn IV a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 999/2001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le toirmeasc ar ainmhithe neamh-athchogantacha feirmshaothraithe, cé is moite d'ainmhithe fionnaidh, a bheathú le próitéin a dhíorthaítear ó ainmhithe (IO L 295, 18.8.2021, lch. 1.).

([3]) Rialachán (CE) Uimh. 1069/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 21 Deireadh Fómhair 2009 lena leagtar síos rialacha sláinte maidir le seachtháirgí ainmhithe agus táirgí díorthaithe nach bhfuil ceaptha mar bhia don duine agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1774/2002 (IO L 300, 14.11.2009, lch. 1).

([4]) Rialachán Tarmligthe (AE) 2023/1605 ón gCoimisiún an 22 Bealtaine 2023 lena bhforlíontar Rialachán (CE) Uimh. 1069/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le pointí deiridh a chinneadh i slabhra monaraíochta leasachán orgánach agus feabhsuithe ithreach áirithe (IO L 198, 8.8.2023, lch. 1)

(4) Thairis sin, in Iarscríbhinní VIII agus IX a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 999/2001 leagtar amach ceanglais mhionsonraithe maidir le, *inter alia*, ainmhithe de chineál na gcaorach agus ainmhithe de chineál na ngabhar agus táirgí a dhíorthaítear ó na speicis sin a chur ar an margadh agus a allmhairiú isteach san Aontas.

(5) Le Rialachán (CE) Uimh. 999/2001, arna leasú le Rialachán (AE) Uimh. 630/2013 ón gCoimisiún ([5]), leagtar síos coinníollacha idirthréimhseacha in Iarscríbhinn VIII, Caibidil A, Roinn A, pointe 1.2 agus pointe 1.3, a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 999/2001, ar coinníollacha iad a ceapadh chun aistriú rianúil a áirithiú ar feadh tréimhse 7 mbliana, ón 1 Eanáir 2014 go dtí an 1 Eanáir 2021. Is iomchuí anois na coinníollacha idirthréimhseacha sin a scriosadh.

(6) Ina theannta sin, in Iarscríbhinn VIII a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 999/2001, tagraítear do Threoir 92/65/CEE ón gComhairle ([6]), i gCaibidil A, Roinn A, pointí 1.2, 1.3 agus 4.1. den Rialachán sin. Ós rud é go bhfuil Treoir 92/65/CEE aisghairthe anois le Rialachán (AE) 2016/429 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([7]), ón 21 Aibreán 2021, ba cheart na tagairtí sin a thabhairt cothrom le dáta.

(7) Le Rialachán (AE) 2020/772 ([8]) ón gCoimisiún leasaíodh Iarscríbhinní I, VII agus VIII a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 999/2001 chun aird a thabhairt ar na moltaí sa Tuairim Eolaíoch ón Údarás Eorpach um Shábháilteacht Bia (EFSA) an 5 Iúil 2017 maidir le Frithsheasmhacht ghéiniteach in aghaidh einceifileapaití spúinseacha in-tarchurtha (TSEnna) i ngabhair ([9]), chun a aithint gur féidir le gabhair a bheith frithsheasmhach go géiniteach in aghaidh tréithchineálacha de scráibeach chlasaiceach arb eol dúinn gur ann dóibh go nádúrtha i ndaonra gabhar an Aontais, nuair a bhíonn na hailléilí K222, D146 nó S146 acu. Mar sin féin, leis na leasuithe a rinneadh ar Rialachán (CE) Uimh. 999/2001 le Rialachán (AE) 2020/772, ní dhearnadh na coinníollacha is infheidhme maidir le gabhair a bhfuil frithsheasmhacht ghéiniteach acu a ailíniú go hiomlán leis na coinníollacha is infheidhme maidir le caoirigh a bhfuil frithsheasmhacht ghéiniteach acu, go háirithe a mhéid a bhaineann leis na forálacha maidir le gabháltas a bheith aitheanta mar ghabháltas a bhfuil riosca diomaibhseach nó riosca rialaithe i ndáil leis an scráibeach chlasaiceach ag baint leis agus na ceanglais maidir le trádáil laistigh den Aontas de sheamhan agus suthanna gabhair a leagtar amach in Iarscríbhinn VIII a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 999/2001, agus na ceanglais maidir le bainne agus táirgí bainne ó ainmhithe de chineál na ngabhar, ainmhithe de chineál na ngabhar bhfuil sé beartaithe iad a phórú, mar aon maith le seamhan agus suthanna gabhair a leagtar amach in Iarscríbhinn IX a ghabhann leis an Rialachán sin, a allmhairiú isteach san Aontas. Is cosúil gurb iomchuí an t-ailíniú sin a thabhairt chun críche chun an úsáid is fearr is féidir a bhaint as ainmhithe a bhfuil frithsheasmhacht ghéiniteach acu agus as a dtáirgí geirmeacha chun an scráibeach chlasaiceach a rialú.

(8) Dá bhrí sin, ba cheart Iarscríbhinní IV, VIII agus IX a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 999/2001 a leasú agus a cheartú dá réir.

(9) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir leis an tuairim ón mBuanchoiste um Plandaí, Ainmhithe, Bia agus Beatha,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasuithe ar Rialachán (CE) Uimh. 999/2001

Leasaítear Iarscríbhinní IV, VIII agus IX a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 999/2001 i gcomhréir le Cuid A den Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo.

([5]) Rialachán (AE) Uimh. 630/2013 ón gCoimisiún an 28 Meitheamh 2013 lena leasaítear na hIarscríbhinní a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 999/2001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leagtar síos rialacha maidir le heinceifileapaití spúinseacha in-tarchurtha áirithe a chosc, a rialú agus a dhíothú (IO L 179, 29.6.2013, lch. 60).

([6]) Treoir 92/65/CEE ón gComhairle an 13 Iúil 1992 lena leagtar síos ceanglais maidir le sláinte ainmhithe lena rialaítear trádáil agus allmhairiú ‘ainmhithe, seamhain, ubhán agus suthanna nach mbeidh faoi réir na gceanglas maidir le sláinte ainmhithe a leagtar síos i rialacha sonracha Comhphobail dá dtagraítear in Iarscríbhinn A (I) a ghabhann le Treoir 90/425/CEE (IO L 268, 14.9.1992, lch. 54).

([7]) Rialachán (AE) 2016/429 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Márta 2016 maidir le galair in-tarchurtha ainmhithe agus lena leasaítear agus lena n-aisghairtear gníomhartha áirithe i réimse na sláinte ainmhithe (“Dlí maidir le Sláinte Ainmhithe”) (IO L 84, 31.3.2016, lch. 1).

([8]) Rialachán (AE) 2020/772 ón gCoimisiún an 11 Meitheamh 2020 lena leasaítear Iarscríbhinní I, VII agus VIII a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 999/2001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le bearta díothaithe um einceifileapaite spúinseach in-tarchurtha i ngabhair agus i bpórtha i mbaol (IO L 184, 12.6.2020, lch. 43).

([9]) EFSA Journal [Iris EPSA] 2017;15(8):4962.

Airteagal 2

Leasú ar Rialachán (CE) Uimh. 999/2001

Ceartaítear Iarscríbhinn IV a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 999/2001 i gcomhréir le Cuid B den Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo.

Airteagal 3

Teacht i bhfeidhm

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 22 Márta 2024.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN

IARSCRÍBHINN

CUID A

LEASUITHE AR RIALACHÁN (CE) UIMH. 999/2001

Leasaítear Iarscríbhinní IV, VIII agus IX a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 999/2001 mar a leanas:

(1) in Iarscríbhinn IV, i gCaibidil V, leasaítear Roinn E mar a leanas:

(a) i bpointe 2(b), cuirtear an méid seo a leanas in ionad na coda réamhráití:

'(b) leasacháin orgánacha nó feabhsaitheoirí ithreach, mar a shainmhínítear i Rialachán (CE) Uimh. 1069/2009, Airteagal 3, pointe 22, ina bhfuil próitéiní ainmhíocha próiseáilte a dhíorthaítear ó athchogantaigh nó meascán de phróitéiní ainmhíocha próiseáilte ó athchogantaigh agus neamh-athchogantaigh ar choinníoll go mbeidh an críochphointe bainte amach acu mar a shainmhínítear in Airteagal 4, pointe 1(c) nó in Airteagal 4, pointe 2, de Rialachán Tarmligthe (AE) 2023/1605 (*) ón gCoimisiún, Airteagal x, pointe (x), nó:';

(*) Rialachán Tarmligthe (AE) 2023/1605 ón gCoimisiún an 22 Bealtaine 2023 lena bhforlíontar Rialachán (CE) Uimh. 1069/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le pointí deiridh a chinneadh i slabhra monaraíochta leasachán orgánach agus feabhsuithe ithreach áirithe (IO L 198, 8.8.2023, lch. 1)';

'(b) i bpointe 5, cuirtear an mhír seo a leanas isteach:

'Na leasacháin orgánacha nó na feabhsaitheoirí ithreach a bhfuil an críochphointe bainte amach acu mar a shainmhínítear in Airteagal 4, pointe 1(c) nó in Airteagal 4, pointe 2, de Rialachán Tarmligthe (AE) 2023/1605, díolmhófar iad ó na coinníollacha a leagtar amach sa chéad mhír den phointe seo.';

(2) in Iarscríbhinn VIII, i gCaibidil A, leasaítear Roinn A mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointí 1.2 agus 1.3:

'1.2. Maidir le gabháltas ina bhfuil ainmhithe de chineál na gcaorach a bhfuil an stádas 'leibhéal I d'fhrithsheasmhacht in aghaidh TSEnna' acu, mar a leagtar síos in Iarscríbhinn VII, Caibidil C, Cuid 4, pointe 1(a), agus i gcás nár deimhníodh aon chás den scráibeach chlasaiceach le linn na 7 mbliana roimhe sin ar a laghad, féadfar an gabháltas sin a aithint mar ghabháltas a bhfuil riosca diomaibhseach i ndáil leis an scráibeach chlasaiceach ag baint leis.

Féadfar gabháltas ina bhfuil ainmhithe de chineál na gcaorach, gabháltas ina bhfuil ainmhithe de chineál na ngabhar, nó gabháltas ina bhfuil ainmhithe de chineál na gcaorach agus de chineál na ngabhar a aithint freisin mar ghabháltas a bhfuil riosca diomaibhseach i ndáil leis an scráibeach chlasaiceach ag baint leis ar choinníoll raibh na coinníollacha seo a leanas comhlíonta aige ar fead na 7 mbliana roimhe sin ar a laghad:

(a) tá aitheantóir ar na hainmhithe de chineál na gcaorach agus na hainmhithe de chineál na ngabhar lenar féidir iad a shainaithint i gcónaí agus coimeádtar taifid, ionas gur féidir iad a rianú siar go dtí an gabháltas inar rugadh iad;

'(b) coinnítear taifid ar ghluaiseachtaí na n-ainmhithe de chineál na gcaorach agus de chineál na ngabhar isteach sa ghabháltas agus amach as;

(c) ní thugtar isteach sa ghabháltas ach na hainmhithe de chineál na gcaorach agus de chineál na ngabhar seo a leanas:

(i) ainmhithe de chineál na gcaorach agus de chineál na ngabhar ó ghabháltais a bhfuil riosca diomaibhseach i ndáil leis an scráibeach chlasaiceach ag baint leo;

(ii) ainmhithe de chineál na gcaorach agus de chineál na ngabhar ó ghabháltais a chomhlíon na coinníollacha a leagtar amach i bpointí (a) go (i) ar feadh íostréimhse na 7 mbliana roimhe sin, nó ar feadh na tréimhse ama atá ar a laghad mar an gcéanna leis an tréimhse ama ar lena linn a chomhlíon an gabháltas ina dtabharfar isteach iad na coinníollacha a leagtar amach sna pointí sin;

(iii) ainmhithe de chineál na gcaorach den ghéinitíopa próitéine prióin ARR/ARR agus ainmhithe de chineál na ngabhar a bhfuil ceann amháin ar a laghad d'ailléilí K222, D146 nó S146 á iompar acu;

(iv) ainmhithe de chineál na gcaorach nó de chineál na ngabhar a chomhlíonann na coinníollacha a leagtar amach i bpointe (i) nó i bpointe (ii) seachas le linn na tréimhse inar coimeádadh iad ag lárionad bailithe seamhain, ar choinníoll go gcomhlíonann an lárionad bailithe seamhain na coinníollacha seo a leanas:

— tá an lárionad bailithe seamhain formheasta i gcomhréir le Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/686 ón gCoimisiún (*), Cuid II, Caibidil 1,

— ar feadh tréimhse 7 mbliana roimhe sin, níor tugadh isteach sa lárionad bailithe seamhain ach na hainmhithe sin de chineál na gcaorach nó de chineál na ngabhar ó ghabháltais a chomhlíon le linn na tréimhse sin na coinníollacha a leagtar amach i bpointí (a), (b) agus (e), agus a bhí faoi réir seiceálacha tráthrialta ag tréidlia oifigiúil nó tréidlia arna údarú ag an údarás inniúil,

— níor deimhníodh aon chás den scráibeach chlasaiceach sa lárionad bailithe seamhain le linn na 7 mbliana roimhe sin,

— tá bearta bithshlándála i bhfeidhm ag an lárionad bailithe seamhain chun a áirithiú, i gcás ainmhithe de chineál na gcaorach agus ainmhithe de chineál na ngabhar a choimeádtar sa lárionad sin agus a thagann ó ghabháltais a bhfuil stádas riosca diomaibhseach nó stádas riosca rialaithe i ndáil leis an scráibeach chlasaiceach ag baint leo, nach mbeidh aon teagmháil dhíreach ná indíreach ag na hainmhithe sin le hainmhithe den chineál na gcaorach agus ainmhithe den chineál na ngabhar a thagann ó ghabháltais a bhfuil stádas níos ísle i ndáil leis an scráibeach chlasaiceach ag baint leo;

(d) tá an gabháltas faoi réir seiceálacha tráthrialta chun comhlíontacht na gcoinníollacha a leagtar amach i bpointí (a) go (i) a fhíorú, ar seiceálacha iad a dhéanann tréidlia oifigiúil nó tréidlia atá údaraithe chun na críche sin ag an údarás inniúil, agus atá le déanamh ar bhonn bliantúil ar a laghad;

(e) níor deimhníodh aon chás den scráibeach chlasaiceach;

(f) na hainmhithe de chineál na gcaorach agus na hainmhithe de chineál na ngabhar uile atá os cionn 18 mí d'aois agus a fuair bás nó a maraíodh ar chúiseanna seachas marú lena gcaitheamh ag an duine, déantar tástáil orthu i saotharlann le haghaidh na scráibí clasaicí i gcomhréir leis na modhanna agus na prótacail saotharlainne a leagtar amach in Iarscríbhinn X, Caibidil C, pointe 3.2.

De mhaolú ar an gcoinníoll sonrach sin, féadfaidh na Ballstáit a chinneadh go ndéanfaidh tréidlia oifigiúil cigireacht ar gach ainmhí de chineál na gcaorach agus de chineál na ngabhar atá os cionn 18 mí d'aois, nach bhfuil aon luach tráchtála orthu, agus a chiondíothaítear ag deireadh a saolré táirgiúla in ionad iad a mharú lena gcaitheamh ag an duine, agus go ndéanfar tástáil le haghaidh na scráibí clasaicí i saotharlann orthu siúd uile a léiríonn comharthaí sirg nó comharthaí néareolaíocha i gcomhréir leis na modhanna saotharlainne agus na prótacail saotharlainne a leagtar amach in Iarscríbhinn X, Caibidil C, pointe 3.2.

(g) ní thugtar isteach sa ghabháltas ach na hubháin agus na suthanna seo a leanas ó ainmhithe den speiceas caorach agus den speiceas gabhair:

(i) ubháin agus suthanna ó ainmhithe bronntacha a coimeádadh ó rugadh iad i mBallstát nach bhfuil ach riosca diomaibhseach i ndáil leis an scráibeach chlasaiceach ag baint leis, nó i ngabháltas a bhfuil riosca diomaibhseach nó riosca rialaithe i ndáil leis an scráibeach chlasaiceach ag baint leis, nó a chomhlíonann na ceanglais seo a leanas:

— tá aitheantóir acu lenar féidir iad a shainaithint i gcónaí ionas gur féidir iad a rianú siar go dtí an gabháltas inar rugadh iad,

— coimeádadh iad ó rugadh iad i ngabháltais nár deimhníodh aon chás den scráibeach chlasaiceach iontu agus iad ann,

— níor léirigh siad aon chomhartha cliniciúil den scráibeach chlasaiceach tráth bailithe na n-ubhán agus na suthanna;

(ii) ubháin agus suthanna ó ainmhithe den speiceas caorach a bhfuil ailléil ARR amháin ar a laghad á hiompar acu agus ubháin agus suthanna ó ainmhithe den speiceas gabhair a bhfuil ceann amháin ar a laghad de na hailléilí K222, D146 nó S146 á iompar acu;

(h) ní thugtar isteach sa ghabháltas ach an seamhan seo a leanas ó ainmhithe den speiceas caorach agus den speiceas gabhair:

(i) seamhan ó ainmhithe bronntacha a coimeádadh ó rugadh iad i mBallstát nach bhfuil ach riosca diomaibhseach i ndáil leis an scráibeach chlasaiceach ag baint leis, nó i ngabháltas a bhfuil riosca diomaibhseach nó riosca rialaithe i ndáil leis an scráibeach chlasaiceach ag baint leis, nó a chomhlíonann na ceanglais seo a leanas:

— tá aitheantóir acu lenar féidir iad a shainaithint i gcónaí ionas gur féidir iad a rianú siar go dtí an gabháltas inar rugadh iad,

— níor léirigh siad aon chomhartha cliniciúil den scráibeach chlasaiceach tráth bailithe an tseamhain;

(ii) seamhan ó reithí den ghéinitíopa próitéine prióin ARR/ARR agus seamhan ó phoic a bhfuil ceann amháin ar a laghad d'ailléilí K222, D146 nó S146 á iompar acu;

(i) maidir le hainmhithe de chineál na gcaorach agus ainmhithe de chineál na ngabhar atá sa ghabháltas, níl aon teagmháil dhíreach ná indíreach acu, lena n-áirítear comhinnilt, le hainmhithe de chineál na gcaorach agus ainmhithe de chineál na ngabhar ó ghabháltais ag a bhfuil stádas níos ísle i ndáil leis an scráibeach chlasaiceach.

1.3. Féadfar gabháltas ina bhfuil ainmhithe de chineál na gcaorach, gabháltas ina bhfuil ainmhithe de chineál na ngabhar, nó gabháltas ina bhfuil ainmhithe de chineál na gcaorach agus de chineál na ngabhar a aithint mar ghabháltas a bhfuil riosca rialaithe i ndáil leis an scráibeach chlasaiceach ag baint leis ar choinníoll raibh na coinníollacha seo a leanas comhlíonta aige ar feadh na 3 bliana roimhe sin ar a laghad:

(a) tá aitheantóir ar na hainmhithe de chineál na gcaorach agus na hainmhithe de chineál na ngabhar lenar féidir iad a shainaithint i gcónaí agus coimeádtar taifid, ionas gur féidir iad a rianú siar go dtí an gabháltas inar rugadh iad;

'(b) coinnítear taifid ar ghluaiseachtaí na n-ainmhithe de chineál na gcaorach agus de chineál na ngabhar isteach sa ghabháltas agus amach as;

(c) ní thugtar isteach sa ghabháltas ach na hainmhithe de chineál na gcaorach agus de chineál na ngabhar seo a leanas:

(i) ainmhithe de chineál na gcaorach agus de chineál na ngabhar ó ghabháltais a bhfuil riosca diomaibhseach nó riosca rialaithe i ndáil leis an scráibeach chlasaiceach ag baint leo;

(ii) ainmhithe de chineál na gcaorach agus de chineál na ngabhar ó ghabháltais a chomhlíon na coinníollacha a leagtar amach i bpointí (a) go (i) ar feadh íostréimhse na 3 bliana roimhe sin, nó ar feadh na tréimhse ama atá ar a laghad mar an gcéanna leis an tréimhse ama ar lena linn a chomhlíon an gabháltas ina dtabharfar isteach iad na coinníollacha a leagtar amach sna pointí sin;

(iii) ainmhithe de chineál na gcaorach den ghéinitíopa próitéine prióin ARR/ARR agus ainmhithe de chineál na ngabhar a bhfuil ceann amháin ar a laghad d'ailléilí K222, D146 nó S146 á iompar acu;

(iv) ainmhithe de chineál na gcaorach nó de chineál na ngabhar a chomhlíonann na coinníollacha a leagtar amach i bpointe (i) nó i bpointe (ii) seachas le linn na tréimhse inar coimeádadh iad ag lárionad bailithe seamhain, ar choinníoll go gcomhlíonann an lárionad bailithe seamhain na coinníollacha seo a leanas:

— tá an lárionad bailithe seamhain formheasta i gcomhréir le Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/686, Cuid II, Caibidil 1,

— ar feadh tréimhse trí bliana roimhe sin, níor tugadh isteach sa lárionad bailithe seamhain ach ainmhithe sin de chineál na gcaorach nó de chineál na ngabhar a thagann ó ghabháltais a chomhlíon le linn na tréimhse sin na coinníollacha a leagtar amach i bpointí (a), (b) agus (e) agus a bhí faoi réir seiceálacha tráthrialta ag tréidlia oifigiúil nó tréidlia arna údarú ag an údarás inniúil,

— níor deimhníodh aon chás den scráibeach chlasaiceach sa lárionad bailithe seamhain le linn na 3 mbliana roimhe sin,

— tá bearta bithshlándála i bhfeidhm ag an lárionad bailithe seamhain chun a áirithiú, i gcás ainmhithe de chineál na gcaorach agus ainmhithe de chineál na ngabhar a choimeádtar sa lárionad sin agus a thagann ó ghabháltais a bhfuil stádas riosca diomaibhseach nó stádas riosca rialaithe i ndáil leis an scráibeach chlasaiceach ag baint leo, nach mbeidh aon teagmháil dhíreach ná indíreach ag na hainmhithe sin le hainmhithe den chineál na gcaorach agus ainmhithe den chineál na ngabhar a thagann ó ghabháltais a bhfuil stádas níos ísle i ndáil leis an scráibeach chlasaiceach ag baint leo;

(d) tá an gabháltas faoi réir seiceálacha tráthrialta chun comhlíontacht na gcoinníollacha a leagtar amach i bpointí (a) go (i) a fhíorú, ar seiceálacha iad a dhéanann tréidlia oifigiúil nó tréidlia atá údaraithe chun na críche sin ag an údarás inniúil, agus atá le déanamh ar bhonn bliantúil ar a laghad;

(e) níor deimhníodh aon chás den scráibeach chlasaiceach;

(f) na hainmhithe de chineál na gcaorach agus na hainmhithe de chineál na ngabhar uile atá os cionn 18 mí d'aois agus a fuair bás nó a maraíodh ar chúiseanna seachas marú lena gcaitheamh ag an duine, déantar tástáil orthu i saotharlann le haghaidh na scráibí clasaicí i gcomhréir leis na modhanna agus na prótacail saotharlainne a leagtar amach in Iarscríbhinn X, Caibidil C, pointe 3.2.

De mhaolú ar an gcoinníoll sonrach sin, féadfaidh na Ballstáit a chinneadh go ndéanfaidh tréidlia oifigiúil cigireacht ar gach ainmhí de chineál na gcaorach agus de chineál na ngabhar atá os cionn 18 mí d'aois, nach bhfuil aon luach tráchtála orthu, agus a chiondíothaítear ag deireadh a saolré táirgiúla in ionad iad a mharú lena gcaitheamh ag an duine, agus go ndéanfar tástáil le haghaidh na scráibí clasaicí i saotharlann orthu siúd uile a léiríonn comharthaí sirg nó comharthaí néareolaíocha i gcomhréir leis na modhanna saotharlainne agus na prótacail saotharlainne a leagtar amach in Iarscríbhinn X, Caibidil C, pointe 3.2.

(g) ní thugtar isteach sa ghabháltas ach na hubháin agus na suthanna seo a leanas ó ainmhithe den speiceas caorach agus den speiceas gabhair:

(i) ubháin agus suthanna ó ainmhithe bronntacha a coimeádadh ó rugadh iad i mBallstát nach bhfuil ach riosca diomaibhseach i ndáil leis an scráibeach chlasaiceach ag baint leis, nó i ngabháltas a bhfuil riosca diomaibhseach nó riosca rialaithe i ndáil leis an scráibeach chlasaiceach ag baint leis, nó a chomhlíonann na ceanglais seo a leanas:

— tá aitheantóir acu lenar féidir iad a shainaithint i gcónaí ionas gur féidir iad a rianú siar go dtí an gabháltas inar rugadh iad,

— coimeádadh iad ó rugadh iad i ngabháltais nár deimhníodh aon chás den scráibeach chlasaiceach iontu agus iad ann,

— níor léirigh siad aon chomhartha cliniciúil den scráibeach chlasaiceach tráth bailithe na n-ubhán agus na suthanna,

(ii) ubháin agus suthanna ó ainmhithe den speiceas caorach a bhfuil ailléil ARR amháin ar a laghad á hiompar acu agus ubháin agus suthanna ó ainmhithe den speiceas gabhair a bhfuil ceann amháin ar a laghad de na hailléilí K222, D146 nó S146 á iompar acu;

(h) ní thugtar isteach sa ghabháltas ach an seamhan seo a leanas ó ainmhithe den speiceas caorach agus den speiceas gabhair:

(i) seamhan ó ainmhithe bronntacha a coimeádadh ó rugadh iad i mBallstát nach bhfuil ach riosca diomaibhseach i ndáil leis an scráibeach chlasaiceach ag baint leis, nó i ngabháltas a bhfuil riosca diomaibhseach nó riosca rialaithe i ndáil leis an scráibeach chlasaiceach ag baint leis, nó a chomhlíonann na ceanglais seo a leanas:

— tá aitheantóir acu lenar féidir iad a shainaithint i gcónaí ionas gur féidir iad a rianú siar go dtí an gabháltas inar rugadh iad,

— níor léirigh siad aon chomhartha cliniciúil den scráibeach chlasaiceach tráth bailithe an tseamhain;

(ii) seamhan ó reithí den ghéinitíopa próitéine prióin ARR/ARR agus seamhan ó phoic a bhfuil ceann amháin ar a laghad d'ailléilí K222, D146 nó S146 á iompar acu;

(i) maidir le hainmhithe de chineál na gcaorach agus ainmhithe de chineál na ngabhar atá sa ghabháltas, níl aon teagmháil dhíreach ná indíreach acu, lena n-áirítear comhinnilt, le hainmhithe de chineál na gcaorach agus ainmhithe de chineál na ngabhar ó ghabháltais ag a bhfuil stádas níos ísle i ndáil leis an scráibeach chlasaiceach.

(*) Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/686 ón gCoimisiún an 17 Nollaig 2019 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2016/429 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le bunaíochtaí táirgí geirmeacha a fhormheas agus maidir le ceanglais inrianaitheachta agus sláinte ainmhithe i dtaca le gluaiseachtaí táirgí geirmeacha ó ainmhithe talún áirithe atá ar coimeád laistigh den Aontas (IO L 174, 3.6.2020, lch. 1).';

'(b) i bpointe 4.1, cuirtear an méid seo a leanas in ionad (c):

'(c) De mhaolú ar phointí (a) agus (b), ní bheidh feidhm ag na ceanglais a leagtar amach sna pointí sin maidir le hainmhithe de chineál na gcaorach agus de chineál na ngabhar a choimeádtar agus a aistrítear go heisiach idir bunaíochtaí teoranta mar a shainmhínítear i Rialachán (AE) 2016/429 (*) Airteagal 4, pointe (48).

(*) Rialachán (AE) 2016/429 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Márta 2016 maidir le galair in-tarchurtha ainmhithe agus lena leasaítear agus lena n-aisghairtear gníomhartha áirithe i réimse na sláinte ainmhithe ('Dlí maidir le Sláinte Ainmhithe') (IO L 084, 31.3.2016, lch. 1).';

(c) i bpointe 4.2, cuirtear an méid seo a leanas in ionad (d) agus (e):

'(d) i gcás seamhan ó ainmhithe den speiceas caorach, baileofar é ó ainmhithe fireanna den ghéinitíopa próitéine prióin ARR/ARR, agus i gcás seamhan ó ainmhithe den speiceas gabhair, baileofar é ó ainmhithe fireanna a bhfuil ceann amháin ar a laghad de na hailléilí K222, D146 nó S146 á iompar acu; nó

(e) i gcás suthanna ó ainmhithe den speiceas caorach, beidh ailléil ARR amháin ar a laghad á hiompar acu, agus i gcás suthanna ó ainmhithe den speiceas gabhair, beidh ceann amháin ar a laghad de na hailléilí K222, D146 nó S146 á iompar acu;'

(3) Leasaítear Iarscríbhinn IX mar a leanas:

(a) i gCaibidil D, i Roinn B, i bpointe 3, cuirtear an méid seo a leanas in ionad (c):

'(c) is de thionscnamh gabháltas nár diagnóisíodh aon chás den scráibeach chlasaiceach le linn tréimhse 7 mbliana roimhe sin ar a laghad ann iad an bainne agus na táirgí bainne ó ainmhithe de chineál na gcaorach nó de chineál na ngabhar nó, tar éis cás den scráibeach chlasaiceach a dheimhniú:

(i) maraíodh agus díothaíodh gach ainmhí de chineál na gcaorach agus de chineál na ngabhar sa ghabháltas, seachas reithí pórúcháin den ghéinitíopa ARR/ARR, caoirigh phórúcháin a bhfuil ailléil ARR amháin ar a laghad á hiompar acu agus nach bhfuil ailléil VRQ á hiompar acu, ainmhithe eile de chineál na gcaorach a bhfuil ailléil ARR amháin ar a laghad á hiompar acu agus ainmhithe de chineál na ngabhar a bhfuil ceann amháin ar a laghad de na hailléilí K222, D146 nó S146 á iompar acu;

nó

(ii) maraíodh agus díothaíodh gach ainmhí inar deimhníodh cás den scráibeach chlasaiceach, agus cuireadh an gabháltas faoi réir faireachán TSE treisithe ar feadh tréimhse dhá bhliain ar a laghad ón dáta a deimhníodh an cás deireanach den scráibeach chlasaiceach, lena n-áirítear tástáil, le torthaí diúltacha, maidir le TSE a bheith ann, i gcomhréir leis na modhanna saotharlainne a leagtar amach i bpointe 3.2 de Chaibidil C d'Iarscríbhinn X, ar tástáil é sin a rinneadh ar gach ceann de na hainmhithe seo a leanas atá os cionn 18 mí d'aois, cé is moite d'ainmhithe de chineál na gcaorach den ghéinitíopa ARR/ARR agus ainmhithe de chineál na ngabhar a iompraíonn ceann amháin ar a laghad de na hailléilí K222, D146 nó S146:

— ainmhithe a maraíodh mar bhia don duine; agus

— ainmhithe a fuair bás nó a maraíodh sa ghabháltas ach nár maraíodh faoi chuimsiú feachtas díothaithe galair.';

'(b) Leasaítear Caibidil E mar a leanas:

(i) i bpointe (5), cuirtear an méid seo a leanas in ionad (b):

'(b) is ainmhithe de chineál na gcaorach den ghéinitíopa próitéine prióin ARR/ARR iad nó is ainmhithe de chineál na ngabhar iad a bhfuil ceann amháin ar a laghad de na hailléilí K222, D146 nó S146 á iompar acu, agus tagann siad ó ghabháltas nó ó ghabháltais nár forchuireadh aon srian oifigiúil ar ghluaiseacht orthu mar gheall ar ESB nó an scráibeach chlasaiceach le linn an 2 bhliain dheireanacha; nó';

(ii) i bpointe (6), cuirtear an méid seo a leanas in ionad (b):

'(b) is ainmhithe de chineál na gcaorach den ghéinitíopa próitéine prióin ARR/ARR iad nó is ainmhithe de chineál na ngabhar iad a bhfuil ceann amháin ar a laghad de na hailléilí K222, D146 nó S146 á iompar acu, agus tagann siad ó ghabháltas nár forchuireadh aon srian oifigiúil ar ghluaiseacht orthu mar gheall ar ESB nó an scráibeach chlasaiceach le linn an dá bhliain dheireanacha.';

(c) i gCaibidil H, i bpointe (2), cuirtear an méid seo a leanas in ionad (a) agus (b):

'(a) i gcás seamhan ó ainmhithe den speiceas caorach, bailíodh é ó ainmhithe fireanna den ghéinitíopa próitéine prióin ARR/ARR, agus i gcás seamhan ó ainmhithe den speiceas gabhair, bailíodh é ó ainmhithe fireanna a bhfuil ceann amháin ar a laghad de na hailléilí K222, D146 nó S146 á iompar acu; nó

'(b) i gcás suthanna ó ainmhithe den speiceas caorach, iompraíonn an suth ailléil ARR amháin ar a laghad, agus i gcás suthanna ó ainmhithe den speiceas gabhair, iompraíonn an suth ceann amháin ar a laghad de na hailléilí K222, D146 nó S146.'.'

CUID B

CEARTÚCHÁIN AR RIALACHÁN (CE) UIMH. 999/2001

Leasaítear Iarscríbhinn IV a ghabhann le Rialachán (CE)Uimh. 999/2001 mar a leanas:

(1) i gCaibidil III, leasaítear Roinn B mar a leanas:

(a) i bpointe 1, scriostar (d), (e) agus (f);

(b) i bpointe (3), cuirtear an méid seo a leanas in ionad (b):

'(b) ní mór gan ach ainmhithe neamh-athchogantacha a bheith ar coimeád acu;';

(2) i gCaibidil IV, i Roinn H, cuirtear an méid seo a leanas in ionad fhleasc dheiridh phointe (d):

'— sampláil agus anailís tráthrialta a dhéanamh ar an mbeatha chumaisc atá beartaithe le haghaidh ainmhithe feirmshaothraithe cé is moite de mhuc-ainmhithe, d'ainmhithe dobharshaothraithe agus d'ainmhithe fionnaidh chun a dheimhniú go bhfuil sí glan ar chomhábhair neamhúdaraithe de bhunadh ainmhíoch, trí úsáid a bhaint as na modhanna anailíse lena ndéantar comhábhair ainmhithe a bhrath chun beatha a rialú, faoi mar a leagtar síos in Iarscríbhinn VI a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 152/2009; is ar bhonn measúnú riosca a chinnfear minicíocht na samplála agus na hanailíse, measúnú a dhéanfaidh an t-oibreoir mar chuid dá nósanna imeachta bunaithe ar na prionsabail AGPRC; ní mór na torthaí a bheith ar fáil don údarás inniúil ar feadh tréimhse cúig bliana ar a laghad;';

(3) i gCaibidil V, i Roinn A, i bpointe 1, cuirtear an méid seo a leanas in ionad (i):

'(i) bunaíochtaí beatha cumaisc údaraithe ina dtáirgtear, i gcomhréir le Caibidil III, Roinn B, beatha chumaisc ina bhfuil min éisc, fosfáit déchailciam agus tríchailciam de bhunadh ainmhíoch agus táirgí fola a dhíorthaítear ó neamh-athchogantaigh;'.